AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.6.2025
COM(2025) 268 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú)

{SWD(2025) 135 final}

1. RÉAMHRÁ

1.1. Cúlra

Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (athmhúnlú)[1], dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta, arb é gan amhras cnámh droma dhlí príobháideach idirnáisiúnta an Aontais é. Leagtar síos leis rialacha aonfhoirmeacha chun coinbhleachtaí dlínse a réiteach agus socraítear leis an caighdeán le haghaidh saorchúrsaíocht breithiúnas, ionstraimí barántúla, agus socraíochtaí cúirte san Aontas Eorpach agus é mar aidhm dheiridh leis rochtain ar an gceartas a éascú i ngach réimse den dlí sibhialta agus tráchtála lasmuigh de réimse an dlí teaghlaigh, an dlí comharbais agus an dlí dócmhainneachta. Rinne sé Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála[2] ('Rialachán An Bhruiséil I') a aisghairm agus a ionadú. Tá forálacha a réamhtheachtaí deimhnithe agus treisithe den chuid is mó ag an Rialachán, ach tá nuálaíochtaí ábhartha tugtha isteach aige freisin, amhail deireadh a chur le *exequatur*.

Tá an Rialachán, arna leasú in 2014[3], i bhfeidhm ón 10 Eanáir 2015 i leith idir na Ballstáit uile, lena n-áirítear an Danmhairg.[4]

1.2. Ullmhúchán agus cuspóirí na Tuarascála seo

Ullmhaíodh an Tuarascáil seo i gcomhréir le hAirteagal 79 den Rialachán. Agus é á ullmhú, bhí cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('CBAE' nó 'an Chúirt')[5], ina phríomhfhoinse faisnéise maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin. Úsáidtear sa Tuarascáil freisin torthaí an staidéir a choimisiúnaigh an Coimisiún chun tacú le hullmhú na Tuarascála seo[6] ('an Staidéar'). Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit mar chuid den Staidéar seo agus breithníodh a dtuairimí, chomh maith leis na gnéithe breise a chuir Ballstáit áirithe ar fáil tar éis na hiarrata ón gCoimisiún ag cruinniú Mheitheal na Comhairle um Ábhair Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) an 28 Feabhra 2024.

Cuireadh an Tuarascáil seo san áireamh freisin i dtorthaí an tionscadail JUDGTRUST[7], agus san fhaisnéis maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil an Rialacháin a bailíodh tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach in Ábhair Shibhialta agus Thráchtála le linn 2023. Ar deireadh,

---

1 IO L 351, 20.12.2012, lch. 1.

2 IO L 12, 16.1.2001, lch. 1.

3 Rialachán (AE) Uimh. 542/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 a mhéid a bhaineann leis na rialacha atá le cur i bhfeidhm i dtaca leis an gCúirt Aontaithe um Paitinní agus le Cúirt Bhreithiúnais Benelux, IO L 163, 29.5.2014, lch. 1. Bhí sé d'aidhm ag an leasú cur chun feidhme an 'phacáiste paitinní', mar a thugtar air, a chumasú ar dtús, trí theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le Cúirt Aontaithe Paitinní a cheadú (IO C 175, 20.6.2013, lch. 1) agus ar an dara dul síos, trína áirithiú go gcomhlíonfar Rialachán an Chomhaontaithe seo agus an Prótacal a ghabhann le Conradh Benelux 1965.

4 Cuireann an Danmhairg an Rialachán i bhfeidhm i gcomhréir leis an gComhaontú an 19 Deireadh Fómhair 2005 idir an Comhphobal Eorpach agus an Danmhairg maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála, IO L 299, 16.11.2005, lch. 62.

5 Níor breithníodh ach breithiúnais agus Tuairimí na nAbhcóidí ginearálta a eisíodh roimh an 1 Aibreán 2025.

6 Is é Milieu SRL a d'ullmhaigh an staidéar agus tá sé ar fáil ag Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu).

7 Rinne T.M.C. an tionscadal 'Rialachán An Bhruiséil Ia: caighdeán le haghaidh saorchúrsaíocht breithiúnas agus iontaoibh fhrithpháirteach san Aontas Eorpach' (JUDGTRUST) arna mhaoiniú ag Clár Ceartais an Choimisiúin Eorpaigh (JUST-AG-2017/JUST-JCOO-AG-2017) a chur chun feidhme. Asser Instituut i gcomhar le Universität Hamburg, University of Antwerp agus Internationaal Juridisch Instituut. Tá príomhthorthaí an tionscadail ar fáil ag: Asser.nl.

chuathas i gcomhairle le cásdlí náisiúnta ábhartha, i gcás ina raibh sé ar fáil, agus an Tuarascáil seo á hullmhú.

Is é is cuspóir don Tuarascáil measúnú foriomlán ar chur i bhfeidhm an Rialacháin a chur i láthair agus béim ar leith á leagan ar na gnéithe is dúshlánaí de chomh maith leis na gnéithe sin a liostaítear go sainráite in Airteagal 79. Thairis sin, féachann sé ar roinnt saincheisteanna nua agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn amhail digitiú, comhshásamh agus réimsí a d'fhéadfadh tairbhiú de shimpliú agus nuachóiriú na rialacha atá ann faoi láthair.

Tá faisnéis bhreise maidir le saincheisteanna roghnaithe, lena n-áirítear anailís níos mionsonraithe, agus tagairtí do chásdlí CBAE san áireamh sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

1.3. Forléargas ginearálta ar chur i bhfeidhm an Rialacháin

Comhaontaítear go ginearálta gur ionstraim thar a bheith rathúil é an Rialachán agus d'fhág na feabhsuithe a soláthraíodh leis, amhail díothú an *exequatur*, go bhfuil an comhar breithiúnach neartaithe in ábhair shibhialta agus thráchtála agus dá bharr sin chuir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara fáilte roimhe. Meastar go bhfuil rialacha an Rialacháin, ina n-iomláine, soiléir agus simplí agus, ar an gcúis sin, is mór ag cleachtóirí iad.

Tá comhdhearcadh ginearálta ann freisin go gcuirtear treoraíocht agus cúnamh leordhóthanach ar fáil do na breithiúna i bprionsabal le cásdlí CBAE le linn dóibh rialacha an Rialacháin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, maidir le roinnt saincheisteanna sonracha, tá roinnt Ballstát den tuairim go n-ardaíonn léirmhíniú an Rialacháin saincheisteanna casta, agus molann siad soiléirithe a fháil ón reachtóir.

Ós rud é go bhfuil siad sásta go ginearálta le feidhmiú an Rialacháin, ba cheart aon mhodhnú freagairt d'fhíordheacrachtaí praiticiúla agus níor cheart go mbeadh athchóiriú ar chóras dea-fheidhmiúil an Rialacháin mar thoradh orthu. Go háirithe, ba cheart é a bheith d'aidhm ag modhnuithe den sórt sin an Rialachán a shimpliú tuilleadh agus ualaí riaracháin a laghdú, go háirithe do pháirtithe níos laige, amhail tomhaltóirí, nó do FBManna. An tráth céanna, ba cheart deacrachtaí ar féidir iad a réiteach go leordhóthanach le cásdlí amach anseo a fhágáil ar lár ó raon feidhme aon idirghabhála reachtaí.

2. RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

2.1. Raon feidhme an chur i bhfeidhm (Airteagal 1)

Tá feidhm ag an Rialachán in ábhair shibhialta agus thráchtála i gcásanna a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Eisiatar go sainráite ó raon feidhme an chur i bhfeidhm roinnt ábhar a d'fhéadfaí a aicmiú ar shlí eile mar ábhair shibhialta nó tráchtála. Go ginearálta, feidhmíonn na forálacha maidir le raon feidhme go maith, ach is cosúil go dtagann roinnt ceisteanna maidir le léirmhíniú ar ais go rialta, go háirithe maidir le coincheap na n-impleachtaí trasteorann nó maidir le headráin a eisiamh.

Leanann sé ó chásdlí CBAE agus ó na comhairliúcháin a rinneadh faoi chuimsiú an Staidéir gur gá aird ar leith a thabhairt ar roinnt saincheisteanna le linn do mheasúnú a bheith á dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin:

- An caighdeán atá le húsáid chun a chinneadh cé acu atá impleachtaí trasteorann ag ábhar.
- An sainmhíniú ar 'sibhialta agus tráchtála'.

- Teideal na n-éileamh a bhaineann le dócmhainneacht (gan an raon feidhme san áireamh).

- Eadráin a eisiamh[8].

Eadráin a eisiamh

Tá ábhair a bhaineann le headráin eisiata ó raon feidhme an Rialacháin ó glacadh Coinbhinsiún na Bruiséile in 1968. Mar sin féin, treisíodh an t-eisiamh sin leis an Rialachán trí fhoclaíocht lena dtugtar soiléiriú a chur isteach in Aithris 12, chomh maith le foráil shonrach in Airteagal 73(2) arb é is aidhm di aon fhorluí leis an gCoinbhinsiún maidir le Dámhachtainí Eadrána Coigríche a Aithint agus a Fhorghníomhú[9] ('Coinbhinsiún Nua-Eabhrac') a sheachaint.

I *gComhlachas Árachais Fhrithpháirtigh Úinéirí Gaile Londan* (C-700/20) a cinneadh in 2022 faoi Rialachán An Bhruiséil I, rialaigh CBAE gur féidir le breithiúnas ar neamhréir a thugtar i dtéarmaí dámhachtain eadrána cosc a chur ar aithint breithiúnais ó Bhallstát eile ar bhonn Airteagal 34(3) de Rialachán An Bhruiséil I (Airteagal 45 den Rialachán), ach ansin chuir sé infheidhmeacht an fhorais diúltaithe faoi cheangal ag an gcoinníoll nach mbeidh sé ar fáil ach amháin i gcás ina bhféadfadh ábhar na dámhachtana eadrána a bheith ina ábhar do bhreithiúnas a tugadh i gcomhréir le rialacha Rialachán An Bhruiséil I. Ba cheart a thabhairt faoi deara sa chomhthéacs sin gur tháinig an Chúirt ar an gcinneadh sin ní ar bhonn doréititheacht an bhreithiúnais coigríche le dámhachtain eadrána ach i ndáil le breithiúnas lena ndeimhnítear dámhachtain eadrána amháin. An tráth céanna, rialaigh an Chúirt nach féidir brath ar eisceacht an bheartais phoiblí ar bhonn na doréititheachta sin.

Léiríodh pictiúr measctha sa Staidéar. Cé nach raibh aon fhadhb ag tromlach na bhfreagróirí maidir le cur i bhfeidhm an eisiaimh sin, léiríonn cásdlí náisiúnta in ocht mBallstát go gcumhdaítear leis an eisceacht eadrána ní hamháin aithint agus forghníomhú dámhachtainí eadrána, ach freisin aithint agus forghníomhú breithiúnas lena ndeimhnítear na dámhachtainí sin. Is cosúil go bhfuil an cleachtas sin ag teacht salach ar bhreithiúnas na Cúirte in *gComhlachas Árachais Fhrithpháirtigh Úinéirí Gaile Londan.*

Tarraingítear aird i mbreithiúnas CBAE freisin ar shaincheist eile, is é sin easpa rialach *lis pendens* maidir le himeachtaí eadrána. Go deimhin, is dócha go laghdófaí an riosca doréititheachta idir dámhachtainí eadrána nó na breithiúnais lena ndeimhnítear dámhachtainí den sórt sin agus breithiúnais eile nó go gcuirfí deireadh leis fiú dá mbeadh riail shoiléir tosaíochta ag an Rialachán in imthosca den sórt sin.

Dá bharr sin, d'fhéadfaí tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh in athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo féachaint an féidir aghaidh a thabhairt ar chásanna praiticiúla áirithe sa Rialachán, mar shampla trí riail shoiléir *lis pendens* a sholáthar lena bhféadfaí cosc a chur ar chásanna doréititheachta idir dámhachtain eadrána/breithiúnas lena ndeimhnítear dámhachtain den sórt sin agus breithiúnas eile.

---

[8] Cé is moite den phointe sin, a ndéantar anailís air thíos, cuirtear na trí shaincheist eile i láthair ar bhealach níos mionsonraithe i gCuid I den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

[9] Tháinig an Coinbhinsiún maidir le dámhachtainí eadrána coigríche a aithint agus a fhorghníomhú, a glacadh an 10 Meitheamh 1958, i bhfeidhm an 7 Meitheamh 1959 330 UNTS 38.

2.2. Sainmhínithe (Airteagail 2 agus 3)

Tá roinnt sainmhínithe sa Rialachán in Airteagal 2, i measc sainmhínithe eile ar ‘bhreithiúnas’, ‘socraíocht chúirte’ nó ‘ionstraim bharántúil’.

Tagraíonn an sainmhíniú ar ‘bhreithiúnas’ d’aon ghníomh den sórt sin de chuid na mbreithiúna, cibé ainm a thugtar air, arna eisiúint ag ‘cúirt nó binse de chuid Ballstáit’. Níl sainmhíniú ar ‘cúirt ná binse’ sa Rialachán.

Mar ghné úrnua sa Rialachán, leathnaíodh go sainráite le hAirteagal 2(a) an sainmhíniú ar bhreithiúnas chun cineálacha áirithe beart sealadach, lena n-áirítear bearta cosantacha, a chur san áireamh. Mar sin féin, cuireann sé aithint agus forghníomhú beart den sórt sin i mBallstáit eile faoi réir dhá choinníoll.

Ar an gcéad dul síos, déantar cúrsaíocht beart sealadach a theorannú dóibh siúd a ordaíonn cúirteanna a bhfuil dlínse acu maidir le substaint an ábhair faoin Rialachán. Ciallaíonn sé sin, cé gur féidir le cúirteanna a bhfuil dlínse acu maidir le substaint an ábhair faoin dlí náisiúnta bearta sealadacha a ordú fós, nach féidir cinntí den sórt sin a aithint ná a fhorghníomhú thar lear faoin Rialachán.

Ar an dara dul síos, códaítear leis an sainmhíniú an cásdlí atá ann cheana (féach, mar shampla, *Denilauler*, 125/79) chun bearta *ex parte* amháin a eisiamh ó chúrsaíocht. Mar thoradh air sin, ní féidir bearta sealadacha a aithint ná a fhorghníomhú ach amháin i gcás inar toghairmeadh ar an bhféichiúnaí teacht i láthair nó inar seirbheáladh an cinneadh ina raibh na bearta roimh an bhforghníomhú air. Is cosúil go bhfuil roinnt fadhbanna praiticiúla ag baint leis na bearta sealadacha *ex parte* a eisiamh ó chúrsaíocht faoin Rialachán. Mar shampla, léiríodh sa Staidéar gur *bearta ex pa rte* iad formhór na mbeart sealadach in AT agus CZ agus, dá bhrí sin, nach féidir leo tairbhiú d’fhorghníomhú faoin Rialachán. Ar bhonn níos ginearálta, cé go bhfuil an córas atá ann faoi láthair i bhfabhar cearta nós imeachta an chosantóra a chosaint, déantar difear do phríomhghné de bhearta sealadacha, is é sin a gcumas iad a fhorghníomhú go tapa agus go héifeachtúil. Faoin gcóras reatha, ní mór do chreidiúnaí rogha a dhéanamh idir an éifeacht iontais is gné dhílis d’imeachtaí *ex parte* agus srian ar infhorghníomhaitheacht na mbeart chuig an mBallstát inar deonaíodh iad nó idir cinneadh is féidir a chur i gcúrsaíocht ach ní mór dó a bheith bunaithe ar rannpháirtíocht an fhéichiúnaí roimhe sin (agus ar an rabhadh sin).

Baineann saincheist eile leis na húdaráis a shonraítear go sainráite in Airteagal 3 mar ‘chúirt’ chun críocha an Rialacháin. In *Pula Parking* (C-551/15), agus í ag tabhairt aghaidh ar an gceist faoi cé acu is féidir nótairí de chuid na Cróite a cháiliú mar ‘chúirt nó binse’ faoin Rialachán, d’fhreagair CBAE sa fhreagra diúltach, ag lua gurb í an easpa imeachtaí *inter partes* an phríomhchúis i gcomhréir leis an gcásdlí roimhe seo (*Denilauler,* 125/79). Ní mór a chur san áireamh cé go bhfuil nós imeachta na Cróite an-chosúil le hordú achomair nótaire na hUngáire le haghaidh imeachtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(a) den Rialachán. Ní haon ionadh é, ón bpeirspictíocht maidir le cóir chomhionann freisin, gur ón gCróit a tháinig formhór na bhfreagróirí a mheas go raibh fadhbanna ag baint le coincheap na ‘cúirte nó an bhinse’ agus gur dhúirt roinnt Ballstát gur mhaith leo, i gcás leasú nó athmhúnlú, eintitis bhreise a thabhairt isteach faoi na heisceachtaí in Airteagal 3. Ní raibh aon fhadhb ag formhór mór na bhfreagróirí sa Staidéar leis na sainmhínithe sa Rialachán.

Dá thoradh sin, d’fhéadfaí tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an ábhar sin in athbhreithniú a d’fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar an Rialachán, lena n-áirítear an fhéidearthacht sainmhíniú nó tuairisc a thabhairt ar an gcoincheap ‘cúirt nó binse’ a chuirfeadh, ar thaobh amháin, le héifeachtacht an Rialacháin agus, ar an taobh eile, a chuirfeadh deireadh leis an ngá atá le foráil a dhéanamh d’eisceachtaí. Tá gá le tuilleadh machnaimh freisin ar

choincheap na mbeart sealadach, go háirithe ar cé acu ba cheart bearta *ex parte* a chur san áireamh.

3. DLÍNSE

3.1. Leathnú féideartha na rialacha dlínse chuig cosantóirí a bhfuil sainchónaí orthu i dtríú tíortha

Tá feidhm ag na rialacha maidir le dlínse a leagtar amach i gCaibidil II den Rialachán maidir le cásanna ina bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát, seachas roinnt cásanna sonracha (conarthaí tomhaltóra, conarthaí fostaíochta aonair, cásanna ina bhfuil dlínse eisiach ag cúirteanna nó i gcás ina roghnaíonn na páirtithe cúirt). I gcás aon díospóid eile a bhaineann le cosantóir a bhfuil sainchónaí air lasmuigh den Aontas, tá an dlínse faoi rialú ag dlíthe náisiúnta na mBallstát[10].

Moladh i dtogra 2010 ón gCoimisiún maidir le hathmhúnlú Rialachán An Bhruiséil I[11] ('Togra 2010') go leathnófaí an Rialachán chun an dlínse i ndíospóidí ina bhfuil sainchónaí ar na cosantóirí lasmuigh den Aontas a chumhdach freisin. Le linn an phróisis reachtaigh measadh go mbeadh réiteach den sórt sin iomchuí i roinnt cásanna, mar shampla i gcás ina meastar gur páirtí níos laige é ceann amháin de na páirtithe sa chonradh (amhail i gconarthaí tomhaltóra nó i gconarthaí fostaíochta aonair), ach gurbh fhearr réiteach iltaobhach a chur i bhfeidhm ar bhonn uilechoiteann. D'fhéadfaí réiteach iltaobhach den sórt sin a bheartú an tráth sin, go háirithe faoi chuimsiú Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach.

D'fhéadfaí teacht ar réiteach den sórt sin faoi chuimsiú na caibidlíochta a bhí ar siúl an tráth sin agus ar glacadh an Coinbhinsiún maidir le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas coigríche in ábhair shibhialta nó thráchtála dá bharr faoi dheireadh in 2019 ('an Coinbhinsiún maidir le Breithiúnais'). Mar sin féin, níl foras díreach dlínse san ionstraim sin, ach ní thagraíonn sí ach do dhlínse ar bhealach indíreach, mar réamhchoinníoll maidir le haithint agus forghníomhú. Tá obair fós ar siúl faoi láthair ag Comhdháil na Háige i réimse na dlínse, ach ní dócha go mbeidh réiteach iltaobhach ceangailteach ar fhoras díreacha dlínse mar thoradh ar an obair sin.

Tá roinnt dúshlán ag baint le rialacha den sórt sin a bheith in easnamh sa Rialachán[12]. Ar an gcéad dul síos, ós rud é go bhfuil éagsúlacht mhór idir dlíthe náisiúnta na mBallstát, cruthaíonn an staid reatha rochtain mhíchothrom ar an gceartas agus éagothroime iomaíochta do ghnólachtaí agus do shaoránaigh an Aontais agus do ghnólachtaí agus do shaoránaigh nach bhfuil san Aontas a bhfuil baint acu le déileálacha idirnáisiúnta (lasmuigh den Aontas) ag brath go díreach ar an áit a bhfuil sainchónaí orthu. Cé gur féidir le páirtithe i roinnt Ballstát cosantóirí tríú tír a agairt ar bhonn réimse mór foras dlínsiúil, lena n-áirítear forais ainmheasartha uaireanta, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar pháirtithe eile i mBallstáit eile dul i ngleic le raon níos teoranta foras dlínsiúil chun agra a dhéanamh in aghaidh páirtithe den sórt sin[13]. Is measa fós an bonn éagothrom sin toisc gur féidir na breithiúnais atá idir lámha a

[10] Féach Airteagal 6 den Rialachán.

[11] Féach an Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála, 14.12.2010 COIM(2010) 748 leagan deireanach.

[12] Mar a deimhníodh leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin a rinneadh faoi chuimsiú an Staidéir.

[13] D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha, mar shampla, maidir le tionchairí a bhfuil sainchónaí orthu lasmuigh den Aontas Eorpach agus a bhfuil baint acu le táirgí a mhargú maidir le ceannaitheoirí an Aontais gan a bheith ina ndíoltóirí ar na táirgí sin.

aithint agus a fhorghníomhú ar fud an Aontais bunaithe ar an Rialachán, fiú i gcás ina bhfuil dlínse na cúirte tionscnaimh ainmheasartha.

Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil tionchar diúltach ag an staid seo ar dhlíthíocht ghnó agus ar dhlíthíocht chearta an duine. Sa chineál sin dlíthíochta, is minic a[14] dhéanfadh íospartaigh iarracht agra a dhéanamh i gcoinne gnólacht coigríche a bhfuil sainchónaí air lasmuigh den Aontas agus i gcoinne máthairchuideachta rialaithe, a bhíonn lonnaithe san Aontas go minic. Tá rialacha éagsúla ag Ballstáit éagsúla maidir leis an bhféidearthacht dlínse a bhunú ar an bhfochuideachta tríú tír ag suíomh na máthairchuideachta. Cruthaíonn an staid sin éiginnteacht dhlíthiúil agus, arís eile, cuireann sé páirtithe an Aontais, sa chás seo an gearánaí agus an mháthairchuideachta AE is cosantóir araon, ar bhonn éagothrom. Níl feidhm ag rialacha reatha Airteagal 8, lena gcumasaítear comhchruinniú imeachtaí ag áit chónaithe duine de na cosantóirí, má tá sainchónaí ar dhuine amháin acu lasmuigh den Aontas (féach *Sapir agus páirtithe eile* (C-645/11)). Ciallaíonn sé sin, mura gceadaítear leis na rialacha náisiúnta imeachtaí a chomhchruinniú, go bhféadfadh dhá chás chomhthreomhara a bheith ann, ceann amháin i gcoinne na máthairchuideachta san Aontas agus an ceann eile i gcoinne na fochuideachta sa tríú tír, agus an baol ann go mbeadh breithiúnais ar neamhréir le chéile.

Léiríodh pictiúr measctha sa Staidéar maidir leis na rialacha dlínse a leathnú chuig cosantóirí a bhfuil sainchónaí orthu i dtríú tíortha. Ní raibh tuairim ag cuid mhaith freagróirí faoi cé acu arb ionann easpa rialacha den sórt sin agus fadhb. Níor mheas tromlach na mBallstát gur saincheist í an easpa rialacha ach cháin cuid acu an staid reatha mar chostais mhéadaitheacha idirbheart agus mar rud a chruthaigh deacrachtaí breise do ghearánaithe, do chleachtóirí agus do na breithiúna.

Mar thoradh air sin, d'fhéadfaí tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh in athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar an Rialachán ar na rialacha dlínse a leathnú chun díospóidí a bhaineann le cosantóirí a bhfuil sainchónaí orthu lasmuigh den Aontas a chur san áireamh.

3.2. Dlínse speisialta (Airteagail 7 - 9)

Ní nach ionadh go léiríonn Staidéar agus Tuarascálacha Náisiúnta thionscadal JUDGTRUST, i measc na rialacha maidir le dlínse speisialta, gurb é Airteagal 7 is mó a mbítear ag brath air, agus gur annamh a chuirtear Airteagal 8 i bhfeidhm[15] agus nach bhfuil beagnach aon chleachtas ná plé sa litríocht a bhaineann le hAirteagal 9[16].

Níor modhnaíodh Airteagal 7 ach beagán le linn an phróisis athmhúnlaithe a bhí ann roimhe seo agus tá na cúirteanna náisiúnta fós á chur i bhfeidhm go forleathan. Mar thoradh air sin, tá tuilleadh cásanna á gcur os comhair CBAE le haghaidh réamhrialuithe ná aon fhoráil eile den Rialachán.

Thuairiscigh tromlach na mBallstát nach raibh aon fhadhb le cur i bhfeidhm Airteagal 7. De réir an Staidéir, níor tuairiscíodh aon cheist maidir le hoibriú Airteagail 7(3) go 7(7),[17], toisc gurb annamh a chuirtear i bhfeidhm iad sa chleachtas. Mar sin féin, léirigh leis an líon mór cásanna atá á gcur os comhair CBAE ó na cúirteanna náisiúnta, agus tacaíocht acu ó fhreagraí roinnt Ballstát, léirítear roinnt mórcheisteanna a bhaineann le hAirteagail 7(1) agus 7(2):

[14] Gan beann ar an áit ina bhfuil sainchónaí ar an íospartach, laistigh nó lasmuigh den Aontas.

[15] Is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, go léirítear leis na cásanna a cuireadh os comhair CBAE le déanaí go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid atáthar a bhaint as Airteagal 8(1) i gcásanna cairtéil. Áirítear anailís mhionsonraithe ar chur i bhfeidhm Airteagal 8(1) i gCuid I den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

[16] Ar an gcúis sin, ní fhéachtar sa Tuarascáil seo ar chur i bhfeidhm Airteagal 9.

[17] Cé is moite den phlé acadúil a bhaineann le hAirteagail 7(4) agus 7(5) i ndornán de na Ballstáit.

- Léirmhíniú atá ag éirí níos leithne ar raon feidhme ‘ábhar a bhaineann le conradh’.
- An áit ina bhfeidhmítear na hoibleagáidí conarthacha a chinneadh.
- Áit ina ndéantar an damáiste a chinneadh i gcásanna glanchaillteanais airgeadais.
- Cur i bhfeidhm an phrionsabail ‘mósáic’ i gcásanna a bhaineann le sárú ar chearta príobháideachais.

3.2.1. Airteagal 7(1)

Bunaítear le hAirteagal 7(1) riail maidir le dlínse speisialta i ndíospóidí a bhaineann le hoibleagáidí conarthacha. Mar sin féin, ní bhunaítear leis an sainmhíniú ar ábhair chonarthacha agus ní sholáthraítear aon chomharthaí ina leith sin leis.

Léiríonn breithiúnais a thug CBAE le déanaí, amhail *flightright GmbH* (Cásanna Uamtha C-274/16, C-447/16, agus C-448/16) agus *Feniks* (C-337/17), go ndéantar an coincheap ‘ábhair a bhaineann le conradh’ a léirmhíniú ar bhealach leathan. Baineann an coincheap sin le caingne is féidir a nascadh le conradh, fiú murar tugadh aon chonradh i gcrích idir na páirtithe sna himeachtaí[18], má tá an conradh faoi dhíospóid nó ar neamhní, nó má rinneadh an conradh idir páirtithe éagsúla seachas iad siúd a bhí páirteach sna himeachtaí.

Léirítear sa Staidéar agus sna hábhair a chuirtear os comhair CBAE ó na cúirteanna náisiúnta go bhféadfadh deacrachtaí praiticiúla a bheith ag baint leis an léirmhíniú leathan ar ‘ábhair a bhaineann le conradh’ i gcásanna áirithe, go háirithe nuair nach ionann léirmhíniú den sórt sin agus an léirmhíniú ar choincheapa náisiúnta comhchosúla nó nuair a mheastar go bhfuil sé dúshlánach réiteach a dhéanamh le prionsabail na gaireachta agus na hintuarthachta is bun le hAirteagal 7(1). I ndáil leis sin, moltar go bhféadfadh an léirmhíniú leathan ar an gcoincheap ‘ábhair a bhaineann le conradh’ a bheith ina chúis le héiginnteachtaí móra dlíthiúla do thríú páirtithe, a bhféadfaí agra a dhéanamh orthu san áit ina bhfeidhmítear conradh nach raibh siad ar an eolas faoi. Tá an imní sin ábhartha go háirithe maidir le héilimh atá bunaithe ar *actio pauliana*, a mheastar, de réir an rialaithe in *Feniks* (C-337/17), gur ‘ábhair a bhaineann le conradh’ iad freisin.

A luaithe a shuíonn cúirt náisiúnta go dtagann cás faoi raon feidhme chur i bhfeidhm Airteagal 7(1), i.e. gur ‘ábhar a bhaineann le conradh’ é, ní mór di an áit ina bhfeidhmítear an oibleagáid chonarthach a chinneadh. Dealraíonn sé go bhfuil sé sin dúshlánach toisc nach féidir na réitigh arna nglacadh ag CBAE[19] i gcásanna sonracha a leathnú i gcónaí chuig cásanna a bhfuil socruithe fíorasacha éagsúla acu, go háirithe i gcásanna a bhaineann le roinnt áiteanna comhlíonta, agus roinnt oibleagáidí, nó i ndáil le conarthaí nach mbaineann aon aistriú fisiceach earraí leo, atá ag éirí níos suntasaí sa gheilleagar digiteach (e.g. conarthaí chun seirbhísí digiteacha nó ábhar digiteach a sholáthar, lena n-áirítear sonraí). Léirítear an ghné dheireanach sin le breithiúnas a tugadh le déanaí in *VariusSystems* (C-526/23), inar ghá an áit inar feidhmíodh conradh a chinneadh i gcás conartha faoina ndearna an t-iarratasóir, atá lonnaithe san Ostair, bogearraí a fhorbairt agus a sholáthar don chosantóir, atá lonnaithe sa Ghearmáin, chun meastóireacht a dhéanamh ar thástálacha scagtha COVID-19 lena n-úsáid in ionaid tástála sa Ghearmáin. Sa chás sin, bhí amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur cé acu atá nó nach bhfuil an áit feidhmíochta san Ostair, áit ina ndéantar an cruthú intleachtúil (‘clársceidealú’) taobh thiar de na bogearraí agus ina bhfuil an gnóthas bunaithe nó sa

[18] Mar shampla, i gcás ina n-iarrann paisinéir ar an iompróir oibriúcháin cúiteamh a íoc as eitilt a gcuirtear moill uirthi, in ainneoin gur tugadh an conradh i gcrích le hiompróir eile.

[19] Féach, chuige sin, breithiúnais an 3 Bealtaine 2007, *Color Drack*, C-386/05, ECLI:EU:C:2007:262, an 9 Iúil 2009, *Rehder*, C-204/98, ECLI:EU:C:2009:439, an 11 Márta 2010, *Wood Floor Solutions Andreas Domberger GmbH v Silva Trade SA*, C-19/09, ECLI:EU:C:2010:137.

Ghearmáin san áit ina sroicheann na bogearraí an custaiméir agus ina ndéantar rochtain orthu agus ina n-úsáidtear iad.

Maidir leis an áit feidhmíochta a chinneadh i gcásanna a bhaineann le roinnt áiteanna comhlíonta, ós rud é go leanann cúirteanna náisiúnta de threoraíocht a lorg ó CBAE maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(1) gach uair a bhíonn staid sna príomhimeachtaí éagsúil leis na staideanna ar thug CBAE aghaidh orthu roimhe sin, tugtar le fios go bhféadfadh gá a bheith le treoraíocht níos ginearálta, go háirithe ós rud é go rialaítear leis an riail in Airteagal 7(1) ní hamháin dlínse idirnáisiúnta ach dlínse chríche laistigh de Bhallstát freisin.[2021].

Ar deireadh, maidir leis an áit feidhmíochta a chinneadh, léirítear sa staidéar go bhfuil ábhar imní ag roinnt Ballstát maidir leis an méid a mheasann siad a bheith ina struchtúr casta d'Airteagal 7(1). Déantar foráil in Airteagal 7(1) maidir le coincheap uathrialach den áit feidhmíochta le haghaidh dhá chineál conartha (díolacháin agus seirbhísí) in Airteagal 7(1)(b), agus an tráth céanna coinnítear an *fhoirmle Tessili*-a chuirtear i bhfeidhm go hannamh le haghaidh cineálacha eile conarthaí in Airteagal 7(1)(c), cé go meastar go bhfuil an fhoirmle sin an-chasta agus mí-oiriúnach sa chleachtas. I gcomhréir le *Tessili* (12/76), ní mór do chúirteanna náisiúnta brath ar an dlí náisiúnta is infheidhme chun an áit feidhmíochta a chinneadh in éagmais comhaontú ó na páirtithe ina leith sin. Ciallaíonn sé sin, ag céim an mheasúnaithe ar dhlínse cheana féin, nach mór do chúirteanna náisiúnta tabhairt faoi chleachtadh ilchéime: ní mór dóibh a chinneadh ar dtús cad í an 'oibleagáid i gceist', mar dhara céim, ní mór dóibh an dlí substainteach is infheidhme a chinneadh bunaithe ar rialacha na heasaontachta dlí agus is ansin amháin is féidir leis na cúirteanna an dlí substainteach náisiúnta sin a chur i bhfeidhm chun an áit feidhmíochta a chinneadh.

Leis an athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán, d'fhéadfaí féachaint ar na féidearthachtaí atá ann na rialacha maidir leis an áit feidhmíochta in Airteagal 7(1) a shimpliú.

3.2.2. Airteagal 7(2)

Cé go mbaineann Airteagal 7(1) le hoibleagáidí conarthacha, leagtar síos in Airteagal 7(2) rialacha dlínse speisialta maidir le tortanna. Chruthaigh an léirmhíniú neamhspleách ar an gcoincheap 'tortanna' roinnt castachtaí[22] ach níor chruthaigh an dealú idir Airteagal 7(1) agus Airteagal 7(2) fadhbanna móra sa chleachtas, mar gheall i bpáirt ar an treoraíocht chuimsitheach a thug CBAE le déanaí in *Wikingerhof* (C-59/19)[23].

---

[20] Léirigh cúirt na hÍsiltíre saincheisteanna comhchosúla le linn di Airteagal 7(2) a chur i bhfeidhm i gcásanna ina ndéantar damáiste i níos mó ná áit amháin i dtarchur le déanaí (*Apple*, C-34/24)).

[21] De réir an Staidéir, i gcásanna den sórt sin (agus ar bhonn níos ginearálta i ngach cás ina bhfuil sé deacair áit na feidhmíochta a chinneadh), tugann roinnt scoláirí le fios nach bhfuil Airteagal 7(1) ar fáil d'éilitheoirí. De rogha air sin, molann siad, faoi réir coinníollacha éagsúla, sainchónaí an éilitheora a chur in ionad an chritéir in Airteagal 7(1).

[22] Thuairiscigh roinnt Ballstát go measann siad go bhfuil an léirmhíniú neamhspleách sin casta, neamhréireach agus gur foinse éiginnteachta dlíthiúla é. Mar shampla, in *Brogsitter* (C-548/12), rialaigh CBAE go measfaí gur 'ábhar a bhaineann le conradh' é an t-éileamh dliteanais shibhialta atá i gceist d'ainneoin gur cháiligh sé mar thort faoin dlí náisiúnta. Thairis sin, faoi chásdlí CBAE tagann coincheap amháin faoi raon feidhme Rialachán An Róimh II (*culpa in contrahendo*) faoi raon feidhme Airteagal 7(2) den Rialachán, ach ní thagann coincheap eile (saibhriú éagórach) faoi raon feidhme Airteagal 7(2) den Rialachán.

[23] I míreanna 32 agus 33 den bhreithiúnas seo, shuigh CBAE go mbaineann caingean le hábhair a bhaineann le conradh más rud é go ndealraíonn sé go bhfuil léiriú an chonartha idir an cosantóir agus an t-iarratasóir fíor-riachtanach chun cineál dleathach nó, a mhalairt, neamhdhleathach an iompair a ndearna an t-iarratasóir gearán maidir leis in aghaidh an chosantóra a shuíomh. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás caingean atá bunaithe ar théarmaí conartha nó ar rialacha dlí is infheidhme de bharr an chonartha sin. Os a choinne sin, i gcás ina mbraitheann an t-iarratasóir ar rialacha dliteanais i dtort, míghníomh nó samhail mhíghnímh, is é sin sárú ar oibleagáid a fhorchuirtear le dlí, agus i gcás nach cosúil go bhfuil sé fíor-riachtanach scrúdú a

Is cosúil gurb iad logánú áit an damáiste i gcásanna glanchaillteanais airgeadais agus cothabháil an phrionsabail mósáice i gcásanna a bhaineann le sárú ar chearta pearsantachta na gnéithe is achrannaí de chur i bhfeidhm Airteagal 7(2).

- *Logánú caillteanais airgeadais amháin*

Maidir le logánú damáiste airgeadais amháin, tá corpas substaintiúil cásdlí forbartha ag CBAE, a d'fhéadfadh, áfach, gan an leibhéal inmhianaithe deimhneachta dlíthiúla a chur ar fáil i gcónaí. Is cosúil nár cuireadh treoraíocht chuimsitheach ar fáil le breithiúnais, amhail *Kolassa* (C-375/13) agus *Universal Music* (C-12/15), rud a d'fhág go[24] ndearna na cúirteanna náisiúnta iarrataí breise ar shoiléiriú ar Airteagal 7(2).

Leanann sé ó chásdlí na Cúirte nach féidir a mheas gur leor suíomh cuntais infheistíochta amháin chun an áit ina dtarlaíonn caillteanas airgeadais iomlán a shuíomh. Thairis sin, níl aon chur chuige ann fós atá soiléir agus comhsheasmhach ar gach uile bealach maidir leis na himthosca sonracha nach mór a bheith ann chun dlínse chúirte a chinneadh i gcásanna a bhaineann leis an áit inar tharla an damáiste. Léirítear é sin leis an mbreithiúnas in *Kronhofer* (C-168/02),, inar rialaigh CBAE nach bhféadfaí áit shainchónaí an iarratasóra ná an áit ina bhfuil a shócmhainní comhchruinnithe a mheas mar fhachtóir lena sanntar dlínse más rud é go bhfuil an cuntas infheistíochta ábhartha i ndlínse eile, ach nár léirigh sí cén nascfhactóir ba leor.

I mbreithiúnas CBAE in *VEB* (C-709/19) le déanaí, bhí CBAE ag brath ar 'logánú margaidh' den damáiste mar a thugtar air agus rialaigh sí nach bhfuil dlínse idirnáisiúnta ach amháin ag cúirteanna an Bhallstáit nach mór do chuideachta liostaithe a hoibleagáidí tuairiscithe reachtúla a chomhlíonadh ann agus dhíbh sí áit chónaithe na scairshealbhóirí a d'fhulaing caillteanas airgeadais ar a gcuntais infheistíochta mar thoisc chinntitheach chun an suíomh inar tharla an caillteanas a shuí. Níl sé go hiomlán soiléir, áfach, cé acu an gá nó nach gá do na cúirteanna náisiúnta fós an dá chritéar sin a chur san áireamh le linn dóibh áit an chaillteanais airgeadais amháin a chinneadh.

Tá an éiginnteacht maidir leis na critéir nach mór do na cúirteanna náisiúnta a chur san áireamh agus áit an chaillteanais airgeadais amháin á cinneadh chun críche dlínse idirnáisiúnta agus críche agus an easpa soiléireachta i gcásdlí CBAE ina leith sin neamh-inmhianaithe agus cruthaíonn sí riosca go gcuirfear Airteagal 7(2) den Rialachán i bhfeidhm go neamh-aonfhoirmeach. Ar an gcúis sin, moladh deireadh a chur leis an rogha idir áit an teagmhais as a n-eascraíonn an damáiste agus an áit inar tharla an damáiste i gcásanna a bhaineann le caillteanas airgeadais amháin, agus gan dlínse a thabhairt ach do chúirteanna áit an teagmhais as a n-eascraíonn an damáiste (*locus delicti commissi)*[25]. Sa

---

dhéanamh ar ábhar an chonartha a tugadh i gcrích leis an gcosantóir d'fhonn a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an t-iompar a bhfuil an cosantóir cúisithe ina leith dleathach nó neamhdhleathach, ós rud é go bhfuil feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an gcosantóir go neamhspleách ar an gconradh sin, is ábhar a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh é cúis na caingne de réir bhrí phointe 2 d'Airteagal 7 den Rialachán.

[24] In *Kolassa* agus *Universal Music* araon, d'éiligh páirtí a d'fhulaing glanchaillteanas airgeadais mar thoradh ar chonradh neamhfhabhrach damáistí ar bhonn neamhchonarthach ó thríú páirtí, nach raibh ina pháirtí sa chonradh ach a bhí freagrach as an gconradh neamhfhabhrach agus as na damáistí iarmhartacha. In *Kolassa*, rialaigh CBAE go bhfuil dlínse ag cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil sainchónaí ar an infheisteoir agus ina bhfuil an cuntas bainc a ndearnadh damáiste dó lonnaithe éilimh neamhchonarthacha trasteorann a bhaineann le glanchaillteanas airgeadais a éisteacht. In *Universal Music*, chinn CBAE nár leor breathnú ar shuíomh an chuntais bainc amháin inar tharla an damáiste airgeadais go díreach.

[25] Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sánchez-Bordona a tugadh an 17 Nollaig 2020 in *VEB*, mír 33.

chomhthéacs sin, ba cheart a mheabhrú, áfach, nach gceadaítear le Rialachán An Róimh II[26] ach an tír ina ndéantar an damáiste chun an dlí is infheidhme a chinneadh.

- *Sárú ar chearta pearsantachta*

Maidir le cearta pearsantachta a chosaint, baineann na príomhchonspóidí le cur i bhfeidhm chritéar na háite ina ndéantar damáiste d'fhoilseacháin, agus leis an bprionsabal 'mósáic', mar a thugtar air, a bunaíodh den chéad uair in *Shevill* (C-68/93) i ndáil le foilseacháin pháipéir agus a leathnaíodh chuig foilseacháin ar líne ina dhiaidh sin. In *Shevill* rialaigh CBAE go sanntar le hAirteagal 7(2) den Rialachán dlínse do chúirteanna gach Ballstáit inar dáileadh an foilseachán agus ina maíonn an t-íospartach gur bhain díobháil dá chlú nó dá clú mar an áit inar tharla an damáiste, ach i leith na díobhála a rinneadh sa Stát sin amháin, ní don damáiste ar fud an domhain[27]. In *eDate* (C-509/09 agus C-161/10), leathnaíodh an prionsabal mósáice chuig cásanna sáruithe ar chearta pearsantachta ar líne. I gcás ábhar ar líne, áfach, measadh go[28] raibh dlínse ag cúirteanna na háite ina bhfuil lárionad leasa an íospartaigh breithiúnas a thabhairt ar an damáiste ina iomláine[29]. D'fhéadfaí an t-idirdhealú idir ábhar ar líne agus as líne a cháineadh mar rud atá deacair a chur i bhfeidhm sa chleachtas, ós rud é go bhfuil formhór na nuachtán ar fáil i gcló (as líne) agus ar líne araon[30].

De réir an Staidéir agus thorthaí an tionscadail JUDGTRUST, cháin scoláirí, roinnt Abhcóidí Ginearálta agus cleachtóirí cásdlí CBAE maidir le sárú ar chearta pearsantachta. Maíonn cáinteoirí nach leor rochtain a bheith ar an ábhar sáraitheach chun dlínse a bhunú bunaithe ar an áit inar tharla an damáiste, agus go n-eascraíonn iolrú fóram as cur i bhfeidhm phrionsabal na mósáice nach bhfreastalaíonn ar leas dlisteanach aon pháirtí agus a sháraíonn na cuspóirí intuarthachta agus riaradh fónta an cheartais[31].

Tá an cáineadh sin ábhartha go háirithe i gcomhthéacs fheiniméan na gcásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail ('SLAPPanna') a bhfuil[32] sé d'aidhm ag an Treoir Frith-SLAPP a glacadh le déanaí a chomhrac. Is ionann SLAPPanna agus mí-úsáid imeachtaí cúirte toisc nach é is cuspóir dóibh an ceart maidir le rochtain a fháil ar an gceartas a fheidhmiú i ndáiríre, ach feidhmiú mar uirlis chun an cosantóir a imeaglú. Is féidir na himeachtaí seo a bheith bunaithe ar fhorais éagsúla, agus is iad líomhaintí a bhaineann le clúmhilleadh nó sáruithe eile ar chearta príobháideachais is coitianta. Is minic a dhírítear cásanna dlí clúmhillte a éilíonn cúiteamh i leith damáistí nó urghairí ar iriseoirí agus féadfar

---

[26] Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II)

[27] Ní féidir an damáiste sin a éileamh ach amháin sa Bhallstát ina bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir (Airteagal 4) nó inar tharla an teagmhas ba shiocair leis an damáiste (Airteagal 7(2)).

[28] Tuigtear go dtagraíonn sé ar bhealach níos beaichte don áit ina mbaineann an duine lena mbaineann na tairbhí eacnamaíocha, polaitiúla, sóisialta nó fiú na tairbhí coibhneasta is tábhachtaí as a cháil.

[29] Deimhníodh an méid sin in *Bolagsupplysningen* (C-194/16), *Mittelbayerischer Verlag* (C-800/19) agus *Gtflix Tv v DR* (C-251/20) chomh maith leis an bhfíoras nach bhfuil cúirteanna gach Ballstáit eile, ina raibh rochtain ar an bhfaisnéis, inniúil chun breithniú a dhéanamh ach amháin i leith an damáiste a fhabhraíonn sa Bhallstát sin. Shoiléirigh CBAE freisin nach bhfuil ach cúirteanna a bhfuil dlínse acu ar an damáiste iomlán inniúil chun rialú a thabhairt ar iarrataí ar ábhar a líomhnaítear a bheith deighilteach a bhaint agus a cheartú ós rud é nach bhfuil na hiarrataí sin indeighilte in aghaidh an Bhallstáit mar mhéid na ndamáistí.

[30] Mar thoradh air sin, ceanglaítear ar na cúirteanna an cúram dúshlánach a chur i gcrích maidir le fáil amach ag an lárionad leasa cén damáiste a rinneadh ar líne (is féidir a éileamh ar fud an domhain) nó as líne (ní féidir é a éileamh ach i mBallstát amháin).

[31] Dá réir sin, iarrann formhór na mBallstát treoraíocht maidir le cainníochtú praiticiúil damáistí, an t-idirdhealú idir an gnáthchónaí agus an lárionad leasa atá le soláthar ag CBAE nó ag an reachtóir.

[32] Treoir (AE) 2024/1069 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le daoine a bhíonn ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha ('Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí'), IO L 2024/1069, 16.4.2024.

iad a úsáid d'aon ghnó chun lucht cáinte a chur ina dtost nó chun cosc a chur ar na meáin a ról mar 'fhoras faire' a fheidhmiú. Is féidir ciapadh breithiúnach den sórt sin a éascú tríd an gcur chuige mósáice a chur i bhfeidhm, rud a fhágann go bhfuil líon mór dlínsí ar fáil ar féidir leis an iarratasóir iad a thabhairt os a gcomhair, i gcomhthráth freisin, chun acmhainní an chosantóra a ídiú. Ar an gcúis sin, le linn na caibidlíochta ar an Treoir Frith-SLAPP, d'fhostaigh an Coimisiún, trí bhíthin dearbhú, chun tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an tsaincheist sin i gcomhthéacs an athbhreithnithe a dhéanfar ar an Rialachán amach anseo.

Mar fhocal scoir, cé go bhfeidhmíonn Airteagal 7 go maith go ginearálta, le roinnt tarchuir ó chúirteanna náisiúnta chuig CBAE, le tacaíocht ó fhreagairtí na mBallstát, tarraingítear aird ar shaincheisteanna maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(1) agus 7(2). Maidir le hAirteagal 7(1), is iad na príomh-shaincheisteanna an léirmhíniú leathan ar an gcoincheap 'ábhair a bhaineann le conradh' agus an áit ina bhfeidhmítear an conradh a chinneadh. Maidir le hAirteagal 7(2), dírítear sna díospóireachtaí ar na deacrachtaí i ndáil le háit an damáiste a chinneadh i gcásanna caillteanais airgeadais amháin, chomh maith le hábharthacht leanúnach an phrionsabail mósáice i gcásanna a bhaineann le sárú ar chearta príobháideachais. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh in athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán ar bhealaí chun Airteagal 7(1) agus 7(2) a shimpliú agus a nuachóiriú.

3.3. Rialacha maidir le dlínse chosantach i dtaca le conarthaí tomhaltóra[33] (Airteagail 17-19)

Leagtar síos in Airteagail 10 go 23 den Rialachán na rialacha dlínse arb é is aidhm dóibh seasamh nós imeachta an pháirtí is laige a chosaint i ndíospóidí a bhaineann le hábhair árachais, tomhaltóirí agus fostaíochta.

I gcomparáid lena réamhtheachtaithe, neartaíodh an chosaint sin a thuilleadh leis an Rialachán. Leis an mórathrú, a tugadh isteach trí raon feidhme pearsanta a leathnú in Airteagal 6(1) agus trí choigeartuithe ina dhiaidh sin ar Airteagal 18(1), agus ar Airteagal 21(2), cuireadh ar a gcumas do thomhaltóirí a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát agus fostaithe i ndíospóidí in aghaidh trádálaithe agus fostóirí a bhfuil sainchónaí orthu lasmuigh den Aontas na rialacha maidir le dlínse chosantach a úsáid. Thairis sin, le leasú Airteagal 20(1) cuireadh ar a gcumas d'fhostaithe éilimh a chomhdú in aghaidh fostóirí iomadúla faoi Airteagal 8(1), rud lenar athraíodh an seasamh mar a cuireadh in iúl roimhe sin in *Glaxosmithkline* (C-462/06).[34]

Leis na rialacha dlínse cosantacha maidir le conarthaí tomhaltóra, tugtar rogha do thomhaltóirí idir *forum rei* agus *forum actoris* le haghaidh conarthaí tomhaltóra de réir bhrí Airteagal 17 den Rialachán. Os a choinne sin, cuireann Airteagal 18(2) srian leis an bhféidearthacht tomhaltóirí a agairt go heisiach i gcúirteanna na háite ina bhfuil sainchónaí orthu.

Bunaithe ar Thuarascálacha Náisiúnta an tionscadail JUDGTRUST, measann formhór na mBallstát go n-áirithítear leis na rialacha sa Rialachán leibhéal leordhóthanach cosanta do

[33] Tarraingíodh anuas formhór na gceisteanna sa chleachtas le cur i bhfeidhm na rialacha dlínse maidir le conarthaí tomhaltóra. Ar an gcúis sin, tá an anailís ar chur i bhfeidhm na rialacha sin san áireamh i bpríomhthéacs na Tuarascála. Tá an anailís ar chur i bhfeidhm rialacha dlínse maidir le hábhair árachais agus maidir leis na conarthaí fostaíochta aonair san áireamh i gCuid I den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

[34] Ina theannta sin, tugadh riail nua isteach in Airteagal 26(2) don riail maidir le dlínse a iarchur go hintuigthe tar éis bhreithiúnas CBAE in *ČPP Vienna Insurance Group* (C-111/09): tá sé d'oibleagáid anois ar an gcúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair a áirithiú go gcuirtear páirtí níos laige (cosantóir) ar an eolas faoin gceart agóid a dhéanamh maidir le heaspa dlínse agus faoi na hiarmhairtí a bhaineann le gan déanamh amhlaidh.

thomhaltóirí, cé go dtugann scoláireacht i roinnt Ballstát le fios gur cheart an leibhéal a fheabhsú tuilleadh trí, mar shampla, leathnú raon feidhme chur i bhfeidhm Airteagail 17-19 maidir le héilimh ar thort a théann thar na héilimh sin a bhfuil baint do-scartha acu le dliteanas faoi chonradh a thug tomhaltóir i gcrích iarbhír leis an díoltóir nó leis an soláthróir.

Baineann na deacrachtaí móra a bhaineann le rialacha dlínse cosantacha a chur i bhfeidhm maidir le conarthaí tomhaltóra leis an méid seo a leanas:

- An coincheap 'tomhaltóir'.
- An coincheap 'an ghníomhaíocht tráchtála a stiúradh'.
- Conarthaí iompair a eisiamh in Airteagal 17(3).
- Neamh-infheidhmeacht na rialacha dlínse i gcaingne comhshásaimh[35].

a) An coincheap 'tomhaltóir' agus na hiarmhairtí a bhaineann le hathrú ar shainchónaí an tomhaltóra

Leagadh béim sa Staidéar ar na dúshláin a bhaineann le duine a aicmiú mar thomhaltóir.

De ghnáth, léirmhíníonn CBAE an coincheap 'tomhaltóir' go sriantach agus sainmhíníonn sí é i gcodarsnacht le 'hoibreoir eacnamaíoch' (gairmí)[36]. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, is cosúil gur ghlac CBAE léirmhíniú beagán níos leithne. Mar shampla, *in Petruchová* (C-218/18), tháinig CBAE ar an gconclúid le haghaidh infheistíochtaí ar líne nach gcuireann saineolas airgeadais amháin bac ar stádas an tomhaltóra. Ar an gcuma chéanna, i *Malartú Pearsanta Idirnáisiúnta* (C-774/19), measadh gur tomhaltóir imreoir pócair ar líne, in ainneoin an cluiche a imirt ar feadh líon mór uaireanta an chloig in aghaidh an lae agus buachan suntasach a fháil, fad is nár dhearbhaigh sé gníomhaíocht den sórt sin go hoifigiúil ná nár thairg sé é do thríú páirtithe mar sheirbhís íoctha. In *Schrems* (C-498/16), rialaigh CBAE nach bhfuil caillteanas stádais 'tomhaltóra' de réir bhrí an Rialacháin i gceist leis an athrú ar úsáid chuntas Facebook ó chuntas atá neamhghairmiúil go hiomlán go cuntas páirtghairmiúil, ar choinníoll nach bhfuil úsáid neamhghairmiúil na seirbhísí sin den chuid is mó, ar thug an t-iarratasóir conradh i gcrích ina leith ar dtús, tagtha chun bheith ina húsáid ghairmiúil den chuid is mó ina dhiaidh sin. Go coincréiteach, rialaigh an Chúirt maidir le húsáid an chuntais le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann le leabhair a fhoilsiú, léachtóireacht, suíomhanna gréasáin oibriúcháin, tiomsú airgid agus éilimh ó roinnt tomhaltóirí a shannadh dóibh chun críche a bhforfheidhmithe, nach gcaillteartear stádas úsáideora phríobháidigh chuntas Facebook mar 'thomhaltóir'.

Os a choinne sin, in *Wurth Automotive GmbH* (C-177/22), bhraith CBAE ar an mbreithiúnas a thug sí roimhe sin in *Gruber* (C-464/01) chun a rialú, agus cinneadh á dhéanamh cé acu is féidir nó nach féidir duine a mheas mar thomhaltóir, go bhféadfar a chur san áireamh freisin cé acu an raibh duine ar custaiméir é, iarbhír, trína iompar nó trína hiompar féin i leith an pháirtí eile, ós rud é go raibh an páirtí eile den tuairim go raibh sé nó sí ag gníomhú chun críocha gnó, sa chaoi go bhféadfadh an páirtí eile a bheith aineolach go dlisteanach ar chuspóir neamhghairmiúil an idirbhirt atá i gceist. Dá mba amhlaidh an cás, ní bheadh feidhm ag na rialacha speisialta dlínse maidir le hábhair a bhaineann le conarthaí tomhaltóra in ainneoin gur ann do chonradh tomhaltóra go hoibiachtúil.

b) An coincheap 'an ghníomhaíocht tráchtála a stiúradh'

[35] Tugtar aghaidh ar an tsaincheist sin i bpointe 6.1 den Tuarascáil.

[36] Féach, chuige sin, *Schrems* (C498/16), mír 29 agus an cásdlí a luaitear.

In *Pammer* (C-585/08) agus *Hotel Alpenhof* (C-144/09), rialaigh CBAE, i measc na dtosca chun a shuí cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíocht dírithe ar Bhallstát shainchónaí an tomhaltóra , go bhfuil 'gach léiriú soiléir ar an rún nós thomhaltóirí an Stáit sin a iarraidh' agus liosta sách fairsing neamh-uileghabhálach d'imthosca a d'fhéadfaí a chur san áireamh chun na críche sin.[37] Áirítear ar na himthosca sin cineálidirnáisiúnta na gníomhaíochta atá i gceist, amhail gníomhaíochtaí áirithe turasóireachta; uimhreacha teileafóin a lua leis an gcód idirnáisiúnta; úsáid fearainn barrleibhéil seachas fearann barrleibhéil an Bhallstáit ina bhfuil an trádálaí bunaithe, mar shampla '.de', nó úsáid fearainn barrleibhéil neodracha amhail '.com' nó '.eu'; an tuairisc ar chúrsaí taistil ó Bhallstát amháin eile nó níos mó go dtí an áit ina soláthraítear an tseirbhís; agus cliantacht idirnáisiúnta a lua arb éard atá inti custaiméirí a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstáit éagsúla, go háirithe trí chuntais arna scríobh ag custaiméirí den sórt sin a thíolacadh[38].

Mar sin féin, lean na cúirteanna náisiúnta de cheisteanna a tharchur le haghaidh réamhrialuithe i gcásanna éagsúla a bhaineann le seirbhísí agus táirgí a thairiscint ar an idirlíon [39], rud a léiríonn go bhfuil léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an cheanglais maidir leis an ngníomhaíocht tráchtála a stiúradh de réir bhrí Airteagal 17(1)(c) den Rialachán dúshlánach i gcónaí i gcomhthéacs digiteach.

c) Conarthaí iompair a eisiamh in Airteagal 17(3)

Cumhdaítear gach cineál conartha le rialacha an Rialacháin lena rialaítear dlínse i leith conarthaí tomhaltóra. Déantar foráil maidir leis an aon eisiamh amháin in Airteagal 17(3) a bhaineann le conarthaí iompair seachas na conarthaí sin lena gcomhcheanglaítear taisteal agus cóiríocht ar phraghas seasta.

Cé nár tháinig forbairt ar na bunchúiseanna leis an eisiamh sin, i.e. tá feidhm fós ag rialacha earnála speisialta i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta agus in ionstraimí eile de chuid an Aontais maidir le hiompar, léirítear sa Staidéar agus sna Tuarascálacha Náisiúnta go measann go leor Ballstát anois nach bhfuil údar maith leis an eisiamh agus iarrann siad go scriosfaí é. Deir roinnt Ballstát go gcuireann an t-eisiamh sin srian ar rochtain an tomhaltóra ar an gceartas i ndíospóidí a bhaineann le cearta paisinéirí eitilte, go háirithe i gcásanna nach bhfuil sainchónaí an tomhaltóra i gcomhthráth le háit imeachta nó teachta an eitleáin arb iad na fóraim atá ar fáil ar bhonn na háite feidhmíochta.

Thairis sin, léirítear sa Staidéar go mbíonn cur i bhfeidhm míchothrom an Rialacháin sna Ballstáit mar thoradh ar easpa cumhdaigh na gconarthaí iompair. Cinneann roinnt Ballstát an dlínse do chonarthaí den sórt sin bunaithe ar rialacha ginearálta an Rialacháin (DE, DK, BG, NL, PT), maidir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhfuil forlámhas acu ar an Rialachán (CY, DE, HU, IT, PT), nó ar rialacha náisiúnta (LT, PT).

Chun a chinneadh cé acu ar cheart an t-eisiamh a choinneáil nó a scriosadh ón Rialachán, is gá a mheas, go háirithe, cé acu a chuireann nó nach gcuireann ionstraimí eile de chuid an Aontais nó comhaontuithe idirnáisiúnta cosaint leordhóthanach ar fáil do thomhaltóirí maidir le dlínse idirnáisiúnta.

---

[37] Mír 80.

[38] Mír 81.

[39] Maidir le hAirteagal 15(1)(c) de Rialachán Uimh. 44/2001 go háirithe, féach breithiúnais *Mühlleitner* (C-190/11), *Emrek* (C-218/12), agus in *Hobohm* (C-297/14). Le déanaí, féach, mar shampla, an iarraidh ar réamhrialú in *Commerzbank* (C-296/20) a bhaineann le léirmhíniú na forála comhionainne i gcoinbhinsiún Lugano; in *Länneн MCE* (C-104/22) a rothlaigh timpeall ar léirmhíniú an choincheapa sin i réimse thrádmharc an Aontais Eorpaigh.

Mar chonclúid, feidhmíonn rialacha an Rialacháin maidir le dlínse chosantach go maith i gcoitinne agus soláthraíonn siad leibhéal sásúil cosanta do thomhaltóirí. Mar sin féin, d'fhéadfaí gnéithe áirithe de chosaint tomhaltóirí a shoiléiriú tuilleadh tríd an gcásdlí nó d'fhéadfaí iad a neartú trí idirghabháil reachtach, faoi réir tuilleadh anailíse le linn an athbhreithnithe.

3.4. Dlínse eisiach (Airteagal 24)

Tá forálacha maidir le dlínse eisiach a bhfuil tosaíocht acu ar rialacha ginearálta agus atá éigeantach le fáil i Roinn 6 de Chaibidil II den Rialachán, ina bhfuil Airteagal 24 aonair. Seachas códú chásdlí *GAT* (C-4/03) in Airteagal 24(4), ní dhearnadh tuilleadh modhnaithe ar an gceann dlínse sin leis an Rialachán.

Léirítear sa Staidéar nár shainaithin na Ballstáit deacrachtaí móra a bhaineann le cur i bhfeidhm an chinn dlínse sin ná nár thuairiscigh siad cásdlí náisiúnta gann ar an ábhar sin. Baineann an príomhcháineadh leis an modhnú uathúil arna thionscnamh ag an Rialachán, is é sin, raon feidhme chur i bhfeidhm Airteagal 24(4) a leathnú chuig imeachtaí a bhaineann le bailíocht paitinní i gcás ina gcuirtear an tsaincheist mar chosaint[40].

Cháin roinnt Ballstát, le tacaíocht ón Abhcóide Ginearálta Emiliou[41], códú chásdlí *GAT* in Airteagal 24(4) toisc nár thug siad soiléireacht i dtaobh cé acu a thagann nó nach dtagann sárú ar cheart maoine tionsclaíche faoina raon feidhme; an réiteach a ghlac CBAE i gcás an-sonrach ('neamhghnách') a bhain le caingean lenar iarr cuideachta dearbhú ó chúirteanna na Gearmáine *nár* sháraigh sí dhá phaitinn Fhrancacha a bhí i seilbh cuideachta Ghearmánach ('dearbhú diúltach') a leathnú chuig 'gnáthchásanna' um shárú paitinne; seasamh amach sa chóras dlínse eisiata sa mhéid nach bhfuil feidhm ag rialacha eile in Airteagal 24 maidir le himeachtaí nach dtarraingítear anuas na saincheisteanna a tharchuirtear astu ach amháin mar chosaint; an mhí-úsáid a chumasú trí éilimh 'toirpéid' mar a thugtar orthu agus bac a chur ar cheart shealbhóir na paitinne leigheas éifeachtach a fháil chomh maith leis an gceanglas maidir le héifeachtúlacht nós imeachta agus riaradh fónta an cheartais.

Ina theannta sin, ceistíodh cé acu an bhféadfadh éifeacht sholúbthach a bheith ag Airteagal 24 (*effet réflexe*) agus cé acu atá sé d'oibleagáid ar chúirteanna na mBallstát breithniú a dhéanamh ar dhíospóidí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 24 ina bhfuil naisc láidre le tríú Stáit. Go háirithe, ba í an cheist cé acu a thugann nó nach dtugann Airteagal 24 rogha do chúirteanna na mBallstát nó cé acu a chuireann nó nach gcuireann sé d'oibleagáid orthu gan breithniú a dhéanamh ar an gcás, cé go bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir sa Bhallstát nó cé acu an féidir nó nach féidir le cúirt an Bhallstáit a dhlínse a bhunú ar rialacha eile sa Rialachán, i gcásanna ina bhfuil paitinn cláraithe, nó ina bhfuil maoin dhochorraithe suite i dtríú Stát mar atá i gcás paitinní atá cláraithe nó maoin dhochorraithe atá suite i mBallstáit eile.

Leis an rialú a rinne CBAE le déanaí in *BSH Hausgeräte* (C-339/22), tugadh freagra ar an gceist lenar roinneadh cúirteanna agus scoláirí na mBallstát ina dhá champa freasúracha roimhe sin. Sa bhreithiúnas sin, shoiléirigh CBAE nach bhfuil éifeacht athfhillteach ag Airteagal 24(4)[42]. Is féidir an chonclúid sin a eachtarshuí chuig Airteagal 24 ina iomláine.

---

[40] Thuairiscigh roinnt Ballstát roinnt deacrachtaí eile a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 24: an t-idirdhealú achrannach idir cearta *in rem* agus cearta *in personam*, agus cásdlí neamhréireach maidir leis an ábhar.

[41] Tuairim ón AG Emiliou an 22 Feabhra 2024 in *BSH Hausgeräte*, C-339/22, ECLI:EU:C:2024:159.

[42] Baineann na ceisteanna a tharchuir cúirt na Sualainne le léirmhíniú agus raon feidhme Airteagal 24(4) den Rialachán i ndíospóid maidir le sárú paitinne ina n-éilíonn an cosantóir neamhbhailíocht na bpaitinní atá i gceist sna tíortha ina gcomhdaítear nó ina gcláraítear iad.

Ina theannta sin, ina breithiúnas in *BSH Hausgeräte* (C-339/22), rinne CBAE soiléiriú breise ar a rialú *GAT* á rá go bhfuil dlínse fós ag cúirt de chuid Bhallstát sainchónaithe an chosantóra a dtugtar caingean os a comhair, de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán, ina líomhnaítear sárú ar phaitinn a deonaíodh i mBallstát eile, an chaingean sin a éisteacht i gcás, i gcomhthéacs na caingne sin, ina ndéanann an cosantóir sin agóid, mar chosaint, in aghaidh bhailíocht na paitinne sin, cé go bhfuil dlínse eisiach ag cúirteanna an Bhallstáit eile sin chun rialú a thabhairt ar an mbailíocht sin.

Mar chonclúid, oibríonn na rialacha lena mbunaítear dlínse eisiach an Rialacháin go maith i gcoitinne. Mar sin féin, d'fhéadfaí athmhachnamh a dhéanamh in athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán ar fhoclaíocht Airteagal 24(4) arb é is aidhm dó dlí-eolaíocht *GAT* a chódú i bhfianaise na bhforbairtí is déanaí in *BSH Hausgeräte*.

4. AITHINT AGUS FORGHNÍOMHÚ

Leis an Rialachán, cuireadh deireadh leis an ngá atá le dearbhú infhorfheidhmitheachta (*exequatur)*chun breithiúnas coigríche a fhorfheidhmiú, athrú a raibh bonn cirt leis ar bhonn iontaoibh fhrithpháirteach i riaradh an cheartais i measc na mBallstát. Oibríonn an córas nua go maith sa chleachtas agus bhí tionchar dearfach aige ar an laghdú ar chostais agus ar ualach oibre na gcúirteanna[43]. Tá roinnt éagsúlachtaí náisiúnta ann a bhaineann go háirithe le léirmhíniú an forais diúltaithe, ach ní dhéanann sé sin difear do dhea-fheidhmiú foriomlán an chórais maidir le haithint agus forghníomhú. Léirmhínigh an Chúirt an foras diúltaithe sin ar bhealach comhsheasmhach i gcaitheamh na mblianta agus ní athraíonn an líon beag cásanna a thaisctear faoin Rialachán an cás sin. Ar an iomlán, cé nár tuairiscíodh aon saincheist ar leith a bhaineann leis an gcóras (nua) maidir le haithint agus forghníomhú, d'fhéadfadh sé gur ghá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna teicniúla i bpróiseas athbhreithnithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

Cur i bhfeidhm na bhforas diúltaithe

Liostaítear in Airteagal 45 den Rialachán roinnt foras a bhféadfadh aithint agus forghníomhú a dhiúltú a bheith mar thoradh orthu. I measc na bhforas sin tá sárú ar bheartas poiblí sa Bhallstát a ndírítear air, seirbheáil chuí próisis chuig an gcosantóir mainneachtana agus doréititheacht le breithiúnais eile.

Bhí coincheap an bheartais phoiblí ina ábhar a cuireadh os comhair n aCúirte roinnt uaireanta. Cé go bhfágann an Chúirt léirmhíniú an choincheapa seo faoi na cúirteanna náisiúnta, féadfaidh sí athbhreithniú a dhéanamh ar theorainneacha an iarratais sin (*Diageo Brands*, C-681/13). Mar shampla, in *H Limited* (C-568/20), d'athdhearbhaigh an Chúirt a cásdlí socair gur cheart an beartas poiblí a léirmhíniú go cúng agus nach bhféadfaí leas a bhaint as 'ach amháin dá mbeadh aithint an bhreithiúnais a tugadh sa Bhallstát sin ina shárú follasach ar riail dlí a mheastar a bheith fíor-riachtanach i ndlíchóras an Stáit ina n-iarrtar an aithint nó ar cheart a aithnítear a bheith bunúsach laistigh den dlíchóras sin. I gcás níos déanaí (*Real Madrid Club de Fútbol* (C-633/22)), mheas an Chúirt go bhféadfadh sárú follasach ar cheart bunúsach faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a bheith ina shárú ar bheartas poiblí a thugann údar le diúltú d'fhorghníomhú. An tráth céanna, d'aithin an Chúirt sa bhreithiúnas céanna go gceanglaítear le prionsabal na hiontaoibhe frithpháirtí ar na Ballstáit uile a mheas go gcomhlíonann Ballstáit eile dlí an Aontais, go háirithe na cearta bunúsacha a chumhdaítear ann.

[43] Go deimhin, cé gur dheimhnigh an Staidéar na torthaí sin i roinnt mhaith Ballstát, leag roinnt freagróirí béim freisin ar thionchar níos teoranta mar gheall ar mharthanacht na bhforas diúltaithe den chuid is mó.

Ar an leibhéal náisiúnta, is annamh a agraítear beartas poiblí chun aithint agus forghníomhú a dhiúltú agus, nuair a dhéantar sin, is annamh a éiríonn leis[44]. Léiríonn sé sin, go ginearálta, go leanann cúirteanna náisiúnta cásdlí na Cúirte agus go gcuireann siad léirmhíniú sriantach den choincheap sin i bhfeidhm.

In Airteagal 45(1), pointí (c) agus (d), tá dhá fhoras chun diúltú a thagraíonn do bhreithiúnas ar neamhréir idir na páirtithe céanna sa Bhallstát a ndírítear air (pointe (c)), nó do bhreithiúnas a tugadh roimhe sin idir na páirtithe céanna agus ar an gcúis chéanna caingne a tugadh i mBallstát eile nó i dtríú tír (pointe (d)). Sa *Chúirt in London Steam-Ship Owners' Mutual Insurance* (C-700/20) cuireadh ceisteanna maidir leis an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh rialacha *lis pendens* d'Airteagail 29-30 i gcomhthéacs an fhorais diúltaithe maidir le breithiúnais ar neamhréir le chéile a agairt[45].

Go deimhin, cé is moite den chás ina bhfuil dlínse eisiach ag an gcúirt tionscnaimh, níl aon sásra sa Rialachán chun na rialacha *lis pendens* is infheidhme de bhua Airteagail 29-30 a rialú.[46] Murab ionann agus na forálacha sin, atá i bhfabhar na chéad chúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair, tá pointe (d) d'Airteagal 45(1) i bhfabhar an bhreithiúnais níos luaithe, fiú i gcás inar cuireadh tús leis na himeachtaí tar éis na n-imeachtaí sin as ar eascair an breithiúnas a aithint agus a fhorghníomhú. Ar an taobh eile, níl aon cheanglas ama i bpointe (c) d'Airteagal 45(1), ach tá a raon feidhme níos leithne ná raon feidhme na rialacha *lis pendens.*

Mar thoradh air sin, cé gur cosúil nach mbaineann deacrachtaí praiticiúla leis an bhforas diúltaithe a bhaineann leis an mbeartas poiblí, d'fhéadfaí féachaint a thuilleadh ar an gcomhsheasmhacht idir pointí (c) agus (d) d'Airteagal 45(1) agus na rialacha *lis pendens* in athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar an Rialachán.

5. GAOL LE HIONSTRAIMÍ EILE (AIRTEAGAIL 67 – 74)

Níor athraigh an Rialachán na rialacha go substaintiúil lena rialaítear a ghaol le hionstraimí eile de chuid an Aontais nó le hionstraimí idirnáisiúnta eile seachas na hiontrálacha nua arb é is aidhm dóibh cur chun feidhme an 'phacáiste paitinní', mar a thugtar air, in Airteagail 71a-71d a chumasú, agus soiléiriú ar an ngaol idir an Rialachán agus coinbhinsiún Lugano,[47] coinbhinsiún Nua-Eabhrac[48] agus coinbhinsiúin agus comhaontuithe déthaobhacha idir an tríú tír agus Ballstát a tugadh i gcrích roimh an 1 Márta 2002, in Airteagal 73.

Tá cur i bhfeidhm na rialacha sin ó Bhallstát go chéile an-mhíchothrom. Ós rud é nár tháinig an Chúirt Aontaithe Paitinní i bhfeidhm go dtí an 1 Meitheamh 2023, níl tionchar fós ag Airteagail 71a-71d ar chleachtas cúirte in aon cheann de na Ballstáit ná ar leibhéal breithiúnach an Aontais. Os a choinne sin, feictear go gcuireann na cúirteanna náisiúnta

---

[44] Léiríonn tionscadal JUDGTRUST gurb annamh a agraítear an foras diúltaithe sin i roinnt Ballstát (ET, FR, IT, NL). Fiú nuair a agraítear é níos minice is annamh a chuireann cúirteanna i bhfeidhm é chun aithint agus forghníomhú a dhiúltú (BG, PL).

[45] Bhain an cás idir lámha le cás sonrach an bhreithiúnais ón dara cúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair mar bhreithiúnas a taifeadadh i dtéarmaí dámhachtana eadrána.

[46] Tháinig sé sin chun solais i mbreithiúnas *Liberato,* cás a chinn an Chúirt in 2019 faoi Rialachán An Bhruiséil I. Sa bhreithiúnas sin, dúirt an Chúirt, fiú i gcás inar sáraíodh an riail *lis pendens,* nach féidir leis na cúirteanna i mBallstát na chéad chúirte ar tugadh na himeachtaí os a gcomhair aithint a dhiúltú ar an gcúis sin amháin. Ar an gcaoi chéanna, ní léir go bhfuil sárú den sórt sin contrártha le beartas poiblí an Bhallstáit ina n-iarrtar an aithint.

[47] Coinbhinsiún maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála an 30 Deireadh Fómhair 2007, IO L 339, 21.12.2007, lch. 1.

[48] Tháinig an Coinbhinsiún maidir le Dámhachtainí Eadrána Coigríche a Aithint agus a Fhorfheidhmiú, a glacadh an 10 Meitheamh 1958, i bhfeidhm an 7 Meitheamh 1959) 330 UNTS 38 (Coinbhinsiún Nua-Eabhrac).

Airteagal 71 i bhfeidhm go forleathan i bhformhór na mBallstát. Tá liosta na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta a spreag cur i bhfeidhm Airteagal 71 i mBallstáit éagsúla sách leathan,[49] agus is minic a thagraítear do CMR agus do choinbhinsiúin eile i réimse an iompair.

Ina rialú in *TNT Express Netherland* (C-533/08), rialaigh an Chúirt go gurb é is aidhm d'fhoráil Rialachán An Bhruiséil I atá comhionann le hAirteagal 71 atá ann faoi láthair an Rialachán a chomhordú le coinbhinsiúin speisialaithe idirnáisiúnta. Thairis sin, leag an Chúirt amach go bhfuil comhordú den sórt sin le hachtú gan an bonn a bhaint de na bunphrionsabail is bonn leis an Rialachán, go háirithe saorghluaiseacht breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála, intuarthacht maidir le dlínse, riaradh fónta an cheartais, an riosca a bhaineann le himeachtaí comhthráthacha agus iontaoibh fhrithpháirteach i riaradh an cheartais san Aontas Eorpach a íoslaghdú. Sa bhreithiúnas sin, bhunaigh an Chúirt an 'tástáil *TNT*' mar a thugtar uirthi, a bhfuil coinne leis ag na cúirteanna náisiúnta a chur i bhfeidhm i gcásanna ina bhfuil feidhm ag rialacha an Rialacháin agus ag rialacha coinbhinsiúin speisialaithe, a thagann faoi raon feidhme Airteagal 71 den Rialachán sin, chun a áirithiú nach mbeidh feidhm ag rialacha na gcoinbhinsiún speisialaithe ach amháin i gcás nach mbeidh tionchar diúltach acu ar na bunphrionsabail is bonn le córas na Bruiséile. D'athdhearbhaigh CBAE na prionsabail sin arís agus arís eile, in *Gjensidige* (C-90/22) an ceann is déanaí.

Léirítear go maith san ordú tarchuir ó Chúirt Uachtarach na Liotuáine i gcás *Gjensidige* (C-90/22) na deacrachtaí a bhíonn ag na cúirteanna náisiúnta agus Airteagal 71 den Rialachán á chur i bhfeidhm acu. Is é doiléire thástáil TNT is cúis leis na deacrachtaí sin go príomha agus meastar go gcuireann siad cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Airteagal 71 i mbaol ó Bhallstát go chéile, go háirithe ós rud é gur thuairiscigh Ballstáit eile dúshláin chomhchosúla

Mar chonclúid, ar an iomlán, is cosúil go n-oibríonn forálacha an Rialacháin lena rialaítear an gaol idir an Rialachán agus ionstraimí eile de chuid an Aontais agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm iad, go maith agus go dtugann siad an tsoiléireacht is gá maidir le háit an Rialacháin laistigh de chóras ionstraimí an Aontais agus ionstraimí idirnáisiúnta lena rialaítear ábhair a bhaineann le dlínse idirnáisiúnta nó le haithint agus forghníomhú breithiúnas freisin. Mar sin féin, d'fhéadfaí féachaint in athbhreithniú amach anseo ar an bhféidearthacht Airteagal 71 a shoiléiriú tuilleadh i bhfianaise an léirmhínithe a chuir CBAE ar fáil.

6. SAINCHEISTEANNA COTHROMÁNACHA

6.1. Comhshásamh

Ní dhéantar foráil sa Rialachán maidir le rialacha sonracha is infheidhme maidir le hollchaingne, go hiondúil caingne ina lorgaíonn grúpa gearánaithe damáistí ó chosantóir amháin nó níos mó, dá dtagraítear mar chomhshásamh mar a shainmhínítear i Moladh 2013 ón gCoimisiún Eorpach[50]. Tagann na caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2020/1828 maidir le Caingne Ionadaíocha[51] faoin sainmhíniú ar chomhshásamh atá sa Mholadh deireanach sin. Cuireadh roinnt ceisteanna maidir le cé acu atá nó nach bhfuil cur i bhfeidhm na ngnáthrialacha maidir le

[49] Coinbhinsiún maidir leis an gConradh maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar, a síníodh sa Ghinéiv an 19 Bealtaine 1956, arna leasú leis an bPrótacal a síníodh sa Ghinéiv an 5 Iúil 1978.

[50] Féach Moladh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2013 maidir le prionsabail choiteanna le haghaidh sásraí comhshásaimh urghaire agus cúiteacha sna Ballstáit a bhaineann le sáruithe ar chearta a dheonaítear faoi dhlí an Aontais (2013/396/AE), IO L 201 an 26.7.2013.

[51] Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 409, 4.12.2020, lch. 1.

dlínse in ábhair a bhaineann le tort nó conarthaí tomhaltóra oiriúnach dá bhfeidhm chun déileáil go héifeachtach le héilimh chomhshásaimh.

Dhéileáil CBAE leis an gcineál sin cásanna roinnt uaireanta: In *Henkel* (C-167/00), tháinig an Chúirt ar an gconclúid go bhfuil feidhm ag Airteagal 5(3) de Choinbhinsiún na Bruiséile (Airteagal 7(2) den Rialachán) maidir le caingne a thionscnaíonn eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar leasanna tomhaltóirí. Bhí an Chúirt den tuairim freisin, áfach, nach bhfuil feidhm ag an gcosaint speisialta a thugtar do thomhaltóirí aonair i Roinn 4 den Rialachán maidir le heagraíochtaí den sórt sin. In *Schrems* (C-498/16), chinn an Chúirt, i gcás inar shann tomhaltóirí eile na héilimh do ghearánaí tomhaltóra, ar tomhaltóirí iad a bhfuil sainchónaí orthu sa Bhallstát céanna nó in áit eile (i mBallstát eile nó fiú lasmuigh den Aontas) ní féidir leis an ngearánaí dlínse a agairt ag a áit chónaithe i ndáil leis na héilimh shannta sin ar bhonn Airteagal 18 den Rialachán.

In dhá chinneadh eile i gcásanna comhshásaimh, thug an Chúirt soiléirithe breise maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(2) i gcásanna den sórt sin, is é sin nach mór suíomh an teagmhais dhíobhálaigh a mheasúnú i gcás gach éilimh gan beann ar aon sannadh nó comhdhlúthú ina dhiaidh sin (*CDC Hydrogen Peroxide SA*, C-352/13) nó go bhfuil an áit ina dtarlaíonn an damáiste i gcás feithiclí atá feistithe le bogearraí rigeáilte sa Bhallstát inar ceannaíodh na hearraí lochtacha (*VKI v Volkswagen*, C-343/19). Tháinig ceist an léirmhínithe ar Airteagal 7(2) chun cinn sa chomhthéacs sin freisin i gcás le déanaí, cás a bhí fós ar feitheamh tráth a bhí an tuarascáil seo á tabhairt chun críche (*Stichting Right to Consumer Justice v Apple*, C-34/32). Sa chás sin, tarchuireadh roinnt ceisteanna maidir le léirmhíniú na háite inar tharla an teagmhas díobhálach nó inar tharla na damáistí chuig an gCúirt i gcomhthéacs éilimh ar dhamáistí mar gheall ar shárú líomhnaithe ar dhlí iomaíochta an Aontais ag ardán ar líne a bhfuil rochtain air ar fud an domhain i bprionsabal. Sa tuairim uaidh a eisíodh an 27 Márta 2025, tháinig an tAbhcóide Ginearálta Sánchez-Bordona ar an gconclúid gur príomhfhachtóir nasctha é sainchónaí an úsáideora sa dá áit. Rud atá tábhachtach, bhí an tAbhcóide Ginearálta den tuairim nár cheart Airteagal 7(2) a léirmhíniú ar bhealach difriúil más eintiteas atá cáilithe faoin dlí náisiúnta chun caingne ionadaíocha a thabhairt a thugann an chaingean. Ar deireadh, mheas an tAbhcóide Ginearálta go bhfuil riail nós imeachta náisiúnta lena gceadaítear do chúirt caingne comhchosúla atá ar feitheamh laistigh den Bhallstát céanna a chomhdhlúthú comhoiriúnach le hAirteagal 7(2).

Bhain na ceisteanna uile a cuireadh sna cásanna sin le dlínse na gcúirteanna, is é sin cur i bhfeidhm achrannach Airteagal 7(2) faoi láthair in éilimh chomhchoiteanna toisc nach féidir imeachtaí a chomhdhlúthú i gcúirt amháin nó toisc nach féidir imeachtaí a chomhdhlúthú ag áit chónaithe duine de na gearánaithe (*forum actoris*) in éilimh chomhchoiteanna tomhaltóirí, i gcás ina bhfuil sainchónaí ar na tomhaltóirí sa Bhallstát céanna nó i mBallstáit éagsúla[52].

Dealraíonn sé go bhféadfadh an Rialachán ualaí nach bhfuil gá leo a chruthú do na gearánaithe in éilimh chomhshásaimh toisc go mbeadh orthu dul chuig níos mó ná cúirt amháin i bhformhór na gcásanna chun dlíthíocht a dhéanamh. D'fhéadfadh sé seo, ar a seal, a bheith ina chúis le breithiúnais ar neamhréir le chéile. Cé gur féidir leis an riail ghaolmhar maidir le héilimh in Airteagal 30 den Rialachán réitigh a sholáthar ar an gcás sin, ní mór do na gearánaithe fós an t-iarratas a thaisceadh i gcúirteanna éagsúla sula bhféadfaí comhdhlúthú a dhéanamh sa chéad chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair. Cruthaíonn sé sin ualach breise do na gearánaithe, go háirithe más páirtithe níos laige iad.

[52] Sainaithníodh sa Staidéar an tsaincheist chéanna maidir leis na féidearthachtaí an-teoranta maidir le comhdhlúthú.

Mar thoradh air sin, d'fhéadfaí tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an ábhar sin in athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar an Rialachán, go háirithe maidir le cé acu a rialaítear nó nach rialaítear dlínse in éilimh chomhchoiteanna (tomhaltóirí) ar bhealach sásúil leis an Rialachán.

6.2. Tionchar na digiteála ar an Rialachán

Cuireadh tús leis an gclaochlú digiteach i bhfad sular glacadh an Rialachán ach tá dlús curtha leis ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, i bhfianaise ghéarchéim COVID-19 freisin. Tharla aistriú gníomhaíochtaí tráchtála nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ó ghníomhaíochtaí as líne go gníomhaíochtaí ar líne den chuid is mó, lena n-áirítear úsáidna meán sóisialta, gaireas cliste, criptea-airgeadraí, agus teicneolaíochtaí blocshlabhra chomh maith le méadú mór ar an éileamh ar chianobair agus ar obair ardáin, rud a chuir dlús le claochlú digiteach áiteanna oibre san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin. An tráth céanna, chuir géarchéim COVID-19 i dtreis freisin a thábhachtaí atá digitiú na nósanna imeachta breithiúnacha chun rochtain ar an gceartas a áirithiú.

6.2.1. 'Inneachar' a dhigitiú

An t-iolrú ar chaidrimh 'dhigiteacha' atá críochach go bunúsach agus ina n-úsáid shíormhéadaitheach teicneolaíochtaí digiteacha atá uileláithreach ó thaobh cineáil de, is ábhar iontais é go raibh dúshláin iomadúla ag baint leis maidir le cur ibhfeidhm an Rialacháin lena leagtar síos rialacha dlínse atá bunaithe go traidisiúnta ar nascfhachtóirí geografacha.

Léiríonn na tarchuir chuig CBAE ina lorgaítear treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin chuig 'inneachar digiteach' na príomhdhúshláin sin go maith. Bíonn deacrachtaí ag cúirteanna náisiúnta agus cinneadh á dhéanamh acu cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh an comhaontú maidir le dlínse a iarchur a thabhairt i gcrích go bailí ar líne (*Tilman*, C-358/21), an áit feidhmíochta a bhaineann le seachadadh earraí digiteacha nó soláthar seirbhísí ar líne (*VariusSystems*, C-526/23), i gcás ina ndéantar damáiste mar gheall ar fheidhmchlár ar féidir é a íoslódáil ar fud an domhain (*Apple*, C-34/24), gan ach cúpla ceann a lua.

Is cinnte go mbeidh ceisteanna agus dúshláin nua ann freisin mar gheall ar an méadú a bhfuil coinne leis ar úsáid na dteicneolaíochtaí blocshlabhra, digitiú méadaithe ar bhunú cuideachtaí, cur in úsáid na hIntleachta Saorga in earnálacha éagsúla agus cruthú meiteachruinne. Mar shampla, d'fhéadfadh ainm bréige (nó anaithnideacht) na bpáirtithe a bhfuil baint acu leis na hidirbhearta nó an líon rannpháirtithe nach eol go minic i líonra blocshlabhra deacrachtaí a chruthú maidir le cur i bhfeidhm riail an-bhunúsach shainchónaí an chosantóra.

Faoi láthair, áfach, níl na deacrachtaí a bhíonn ag na cúirteanna náisiúnta agus an Rialachán á chur i bhfeidhm acu i gcomhthéacs digiteach chomh difriúil leis na deacrachtaí a thagann chun cinn i gcomhthéacs 'neamhdhigiteach'. Mar shampla, níl an líon tarchur a lorgaíonn treoraíocht maidir leis an láthair ina bhfeidhmítear conradh ar líne a shuí chun críocha Airteagal 7 den Rialachán níos mó ná an líon tarchur a bhaineann le conarthaí as líne. Thairis sin, díreach cosúil le cur i bhfeidhm an Rialacháin sa réimse neamhdhigiteach, chuir CBAE treoraíocht úsáideach ar fáil maidir le cur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin maidir leis an inneachar digiteach.

Mar chonclúid, ag an gcéim seo, ní[53] cheadaítear leis na ceisteanna a tharchuirtear chuig

[53] Bhí ganntanas torthaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta mar thoradh ar bhailiú sonraí maidir leis an tionchar a bhíonn ag digitiú inneachair ar chur i bhfeidhm an Rialacháin, a rinneadh mar chuid den Staidéar. Níl sé soiléir cé acu a mhínítear é seo mar gheall ar easpa faisnéise faoi na cásanna seo nó mar gheall ar easpa dlíthíochta.

CBAE ná le cinntí CBAE, ná leis na sonraí ganna a bhailítear ar an leibhéal náisiúnta, teacht ar chonclúidí daingne maidir le hoiriúnacht rialacha reatha an Rialacháin i dtimpeallacht dhigiteach atá ag síormhéadú.

6.2.2. Nósanna imeachta breithiúnacha a dhigitiú

A mhéid a bhaineann le digitiú na nósanna imeachta breithiúnacha, tá an Coimisiún ag obair go gníomhach ar dhigitiú na gcóras ceartais agus béim ar leith á leagan ar chomhar digiteach trasteorann le haghaidh ábhair shibhialta agus thráchtála chun rochtain gan bhriseadh ar an gceartas agus comhar breithiúnach rianúil éifeachtúil a áirithiú, agus chun moilleanna nós imeachta, ualach riaracháin agus costais a laghdú. Mar thoradh ar an iarracht sin, glacadh an pacáiste Digiteála[54] ag deireadh 2023 lenar athraíodh an bealach cumarsáide le haghaidh údaráis bhreithiúnacha inniúla le haghaidh 24 ghníomh dlí (an Rialachán i measc nithe eile) go bealach cumarsáide digití agus lenar bunaíodh bealach cumarsáide digití (pointe rochtana leictreonach Eorpach (EEAP)) idir daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus na húdaráis inniúla le haghaidh cásanna cumarsáide teoranta áirithe in ábhair shibhialta agus thráchtála, lena n-áirítear na himeachtaí maidir le haithint, dearbhú infhorfheidhmitheachta nó aithint a dhiúltú agus na nósanna imeachta a bhaineann le deimhniú a eisiúint, a cheartú agus a tharraingt siar faoin Rialachán. Tá dlúthbhaint ag na hiarrachtaí sin le hiarrachtaí náisiúnta méadaithe ó na Ballstáit sa réimse sin, mar a léirítear i Scórchlár Ceartais bliantúil an Aontais[55] agus i Straitéis Eorpach r-Cheartais na Comhairle 2024 - 2028[56].

Chun cuspóirí an Phacáiste Digiteála a bhaint amach, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún roinnt gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. Maidir leis an Rialachán, ní mór an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh faoin 17 Eanáir 2029, agus bainfidh sé go príomha le córas TF díláraithe a bhunú le haghaidh cumarsáid idir údaráis bhreithiúnacha inniúla agus le comhtháthú EEAP le haghaidh roinnt próiseas cumarsáide, amhail imeachtaí chun aithint a dhiúltú de réir Airteagal 45 den Rialachán chomh maith leis na nósanna imeachta a bhaineann le deimhnithe a eisiúint, a cheartú agus a tharraingt siar. Tar éis an chur chun feidhme, beidh na rialacha nua sin infheidhme sna Ballstáit go luath in 2031 agus déanfaidh siad nósanna imeachta in ábhair shibhialta agus thráchtála a bhfuil impleachtaí trasteorann acu a shimpliú agus a bhrostú.

Chomh maith leis na nósanna imeachta atá ann cheana a dhigitiú tríd an gcainéal cumarsáide a athrú leis an bPacáiste Digiteála, d'fhéadfaí féachaint freisin in athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán ar bhealaí eile chun feidhmiú an Rialacháin a nuachóiriú. Le nuachóiriú den sórt sin ar an Rialachán, d'fhéadfaí tairbhí na digiteála a chur san áireamh agus breithniú a dhéanamh ar spriocdhátaí éagsúla a ghiorrú nó feabhsuithe ar an gcumarsáid idir na cúirteanna, mar shampla i gcás imeachtaí comhthreomhara. D'fhéadfaí digitiú iomlán na nósanna imeachta breithiúnacha i gcásanna ina bhfuil feidhm ag an Rialachán a fhiosrú freisin.

---

[54] Rialachán (AE) 2023/2844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla trasteorann, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh agus Treoir (AE) 2023/2843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Treoracha 2011/99/AE agus 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2003/8/CE ón gComhairle agus Cinntí Réime 2002/584/CGB, 2003/577/CGB, 2005/214/CGB, 2006/783/CGB, 2008/909/CGB, 2008/947/CGB, 2009/829/CGB agus 2009/948/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh.

[55] Teachtaireachtón gCoimisiún an 20 Márta 2024 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún (COM (2023) 309 final): ScórchlárCeartais Bliantúil AE 2023.

[56] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-15509-2023-INIT/en/pdf

Mar chonclúid, níl sonraí leordhóthanacha ag an gCoimisiún ag an bpointe seo lena léirítear mí-oiriúnacht rialacha an Rialacháin maidir le dlínse idirnáisiúnta le haghaidh cásanna agus idirbhearta digiteacha, ach ba cheart leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí. Os a choinne sin, d'fhéadfadh athbhreithniú ar an Rialachán imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun na nósanna imeachta faoin Rialachán a athbhreithniú agus a shimpliú mar chuid den athchóiriú digiteach ar chórais cheartais shibhialta atá ar thús cadhnaíochta sa Phacáiste Digiteála.

7. BARÚLACHA DEIRIDH

Le linn breis agus 10 mbliana de chur i bhfeidhm an Rialacháin, d'fheidhmigh sé go maith agus bhain sé amach a phríomhchuspóirí go ginearálta — deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú maidir le dlínse a bheith ag na cúirteanna i ndíospóidí trasteorann agus an sásra chun breithiúnais a aithint agus a fhorghníomhú a shimpliú.

Mar sin féin, i réimse nár tugadh aghaidh air go hiomlán in athmhúnlú an Rialacháin, is é sin **na rialacha dlínse a leathnú chun cosantóirí nach bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát a chumhdach**, tá gá le tuilleadh anailíse chun a chinneadh cibé ar cheart síneadh den sórt sin a bheith ina ábhar d'idirghabháil reachtach.

Ina theannta sin, d'fhéadfaí roinnt coincheap a mheas le haghaidh tuilleadh soiléirithe nó simplithe chun feabhas a chur ar a gcur i bhfeidhm sa chleachtas. Is amhlaidh atá i gcás roinnt forálacha a bhaineann le raon feidhme an chur i bhfeidhm, amhail **eadráin a eisiamh,** chomh maith leis an gcoincheap '**cúirt nó binse**' nó an ceann a bhaineann le **bearta sealadacha, lena n-áirítear bearta cosantacha.**

Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfaí féachaint an bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar éifeachtacht na bhforálacha maidir le dlínse a shimpliú agus a fheabhsú tuilleadh, go háirithe na forálacha in **Airteagal 7(1) agus 7(2),** chomh maith leis na forálacha sin a bhaineann le conarthaí tomhaltóra. Le machnamh den chineál céanna, d'fhéadfaí a mheas cé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí **na rialacha maidir le haithint agus forghníomhú** a chuíchóiriú agus a shimpliú tuilleadh.

Tá gá le tuilleadh anailíse freisin chun a chinneadh cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí na huirlisí nós imeachta is gá chun cineálacha áirithe éileamh a chumhdach, amhail na héilimh sin dá ngairtear **comhshásamh** de ghnáth, a fheabhsú tuilleadh trí idirghabháil reachtach.

Ar deireadh, d'fhéadfaí féachaint ar an bhféidearthacht **feabhas a chur ar an gcomhordú idir an Rialachán agus ionstraimí idirnáisiúnta** agus **ar na bealaí chunna nósanna imeachta** faoin Rialachán **a nuachóiriú agus a shimpliú** mar chuid **den athchóiriú digiteach ar chórais ceartais shibhialta**.

Dá bhrí sin, tionscnóidh an Coimisiún **athbhreithniú foirmiúil ar** an Rialachán chun togra a mheas agus a ullmhú, b'fhéidir, chun an Rialachán a leasú nó a athmhúnlú i gcomhréir leis na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr más é conclúid an athbhreithnithe sin go bhfuil gá le hathruithe agus go bhfuil siad iomchuí.